# An Siopa Bréagán

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - Airgead<br>Uimhreas - Comhaireamh<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna- straitéisí oiriúnacha chun tasc a thabhairt chun críche nó chun fadhb a réiteach, a roghnú agus a chur i bhfeidhm<br>• Cumarsáid agus cur in iúl- torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla a chlárú go nithiúil agus léaráidí, pictiúir agus uimhreacha a úsáid chuige sin |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | uimhreacha suas go 20, bonn/boinn, praghaslipéad, sóinseáil |
| **Áiseanna** | Uirlis Airgid Mol Mata, fíor-airgead/airgead plaisteach, bréagáin, praghaslipéid, fuinneoga siopa ina bhfuil earraí difriúla ar díol |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Déanann an múinteoir agus na daltaí siopa bréagán sa rang. Is féidir leis an múinteoir agus na daltaí praghas na n-earraí a shocrú. Tá sé tábhachtach go dtuigfidh na daltaí nach bhfuil na praghsanna sa siopa ranga réalaíoch. Iarrann an múinteoir ar an dalta na boinn a úsáid chun earraí a cheannach, ag baint úsáid as fíor-airgead. Iarr ar na daltaí bealaí malartacha a úsáid chun méideanna éagsúla a dhéanamh agus boinn in úsáid acu.

### 2 Gníomhaíocht 2

Labhair leis na daltaí faoi na hearraí is féidir leo a cheannach le méid áirithe airgid. Mar shampla, tá 10c ag Máire, cad iad na hearraí is féidir léi a cheannach? Iarr orthu Uirlis Airgid Mol Mata a úsáid chun na féidearthachtaí a thaispeáint. Iarr orthu an tsóinseál a oibriú amach ag baint úsáid as Uirlis Airgid Mol Mata.

### 3 Gníomhaíocht 3

Abair leis na daltaí gur tháinig ceathrar isteach sa siopa Dé Sathairn agus cheannaigh siad an bréagán céanna, mar shampla teidí a bhí ar díol ar 5c. Níor thug aon duine na boinn chéanna don siopadóir. Cad iad na teaglamaí difriúla a d'fhéadfadh a bheith acu? Iarr orthu Uirlis Airgid Mol Mata a úsáid chun na féidearthachtaí a thaispeáint.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad atá ar x?<br>• Cé mhéad atá ar x agus y san iomlán?<br>• Tá ______ agam. Ceannaím x. Cé mhéad sóinseáil a fhaighim?<br>• Tá ______ agam. Cé mhéad níos mó atá ag teastáil uaim chun x a fháil?<br>• Cé mhéad níos mó/níos lú atá ar x ná y? | • Taispeáin dom na boinn dhifriúla is féidir leat a úsáid chun íoc as x.<br>• Taispeáin dom na boinn dhifriúla is féidir leat a úsáid chun íoc as x agus y.<br>• Cad iad na bealaí difriúla chun 10c a chaitheamh sa siopa?<br>• Cén fáth ar roghnaigh tú na hearraí seo? |

## Difreáil

Socraigh praghsanna agus méideanna airgid de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.